

**An Bhruiséil, 25 Iúil 2025
(OR. en)**

11944/25

**ENER 390
ENV 733**

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	An Coimisiún Eorpach
dáta a fuarthas:	14 Iúil 2025
chuig:	Ardrúnaíocht na Comhairle
Uimh. an doic. ón gCoim.:	D(2025) 108053
Ábhar:	RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN an XXX lena gceartaítear agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/1670 ón gCoimisiún lena leagtar síos ceanglais maidir le héicidhearthóireacht i dtaca le fóin chliste, fóin phóca nach fóin chliste iad, fóin shiúil agus ríomhairí táibléid de bhun Threoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/826 ón gCoimisiún

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad D(2025) 108053.

Faoi iamh: D(2025) 108053



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, **XXX**
D108053/01
[...] (2025) **XXX** draft

RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an XXX

lena gceartaítear agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/1670 ón gCoimisiún lena leagtar síos ceanglais maidir le héicidhearthóireacht i dtaca le fóin chliste, fóin phóca nach fóin chliste iad, fóin shiúil agus ríomhairí táibléid de bhun Threoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/826 ón gCoimisiún

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an XXX

lena gceartaítear agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/1670 ón gCoimisiún lena leagtar síos ceanglais maidir le héicidhearthóireacht i dtaca le fóin chliste, fóin phóca nach fóin chliste iad, fóin shiúil agus ríomhairí táibléid de bhun Threoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/826 ón gCoimisiún

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat chun na ceanglais éicidhearthóireachta do tháirgí a bhaineann le fuinneamh a shocrú¹, agus go háirithe Airteagal 15(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) 2023/1670² ón gCoimisiún, bunaítear ceanglais maidir le héicidhearthóireacht i dtaca le fóin chliste, fóin phóca nach fóin chliste iad, fóin shiúil agus ríomhairí táibléid.
- (2) [Treoir 2014/34/AE](#) tugtar isteach ceanglais deartha shonracha maidir le trealamh agus córais chosanta atá beartaithe lena n-úsáid in atmaisféir a d'fhéadfadh a bheith pléascach. Dá bhrí sin, ba cheart fóin chliste, fóin phóca eile, fóin shiúil agus ríomhairí táibléid a chumhdaítear leis an Treoir sin a dhíolmhú ó Rialachán (AE) 2023/1670.
- (3) Ceanglaítear le hIarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1670 go gcuirfear raon páirteanna spártha ar fáil do dheisitheoirí gairmiúla nó d'úsáideoirí deiridh, agus bunaítear léi dhá amlíne seachadta uasta éagsúla maidir leis na páirteanna spártha sin: 5 lá oibre le linn na chéad 5 bliana agus 10 lá oibre le linn an 2 bhliain atá fágtha. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé go mairfeadh an oibleagáid páirteanna spártha a sholáthar níos faide ná 7 mbliana. Dá bhrí sin, ní mór an earráid sin a cheartú. Ós rud é go ndéanann an earráid difear do na táirgí uile a chumhdaítear leis an Rialachán, ní mór an ceartúchán céanna a dhéanamh maidir le gach grúpa táirgí i gCodanna A go D, roinn 1.1, pointe (3), den Iarscríbhinn sin.
- (4) Le hIarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1670, bunaítear ceanglais éagsúla díchoimeála le haghaidh codanna éagsúla den táirge. Tá earráid ann maidir leis na ceanglais chun cóimeáil na taispeána a athsholáthar, earráid a cuireadh san áireamh go hearráideach in dhá chuid ar leith de na ceanglais. Ar mhaithe le soiléireacht agus comhsheasmhacht, ní mór an earráid sin i gcodanna A, B agus D, roinn 1.1, pointe (5),

¹ IO L 285, 31.10.2009, lch. 10, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2009/125/oj>.

² Le Rialachán (AE) 2023/1670 ón gCoimisiún lena leagtar síos ceanglais maidir le héicidhearthóireacht i dtaca le fóin chliste, fóin phóca nach fóin chliste iad, fóin shiúil agus ríomhairí táibléid de bhun Threoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/826 ón gCoimisiún (IO L 214, 31.08.2023, lch. 10, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1670/oj>).

den Iarscríbhinn sin a cheartú. Baineann an rud céanna le cuid C, roinn 2.1, pointe (5) i gcás ina n-áirítear cóimeáil na taispeána i bpointí (a) agus (c); dá bhrí sin, ní mór pointe (c) a scriosadh.

- (5) Le hAirteagal míreanna 1 go 4 de Rialachán (AE) 2024/1781 téitear i ngleic le teacht timpeall ar bhealach cuimsitheach agus tá feidhm ag na táirgí a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2023/1670 ó tháinig Rialachán 2024/1781 i bhfeidhm. Dá bhrí sin, níl feidhm le hAirteagal 6 de Rialachán 2023/1670 a thuilleadh agus ba cheart é a scriosadh.
- (6) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2023/1670 a leasú dá réir.
- (7) Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón 20 Meitheamh 2025 chun deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar maidir le dáta chur i bhfeidhm na gceanglas maidir le héicidhearthóireacht faoi Rialachán (AE) 2023/1670.
- (8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste a bunaíodh le hAirteagal 19(1) de Threoir 2009/125/CE,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) 2023/1670 mar a leanas:

- (1) in Airteagal 1(2), cuirtear an mhír seo a leanas isteach:
‘(c) fóin chliste, fóin phóca eile, fóin shiúil agus ríomhairí táibléid atá beartaithe lena n-úsáid in atmaisféir a d’fhéadfadh a bheith pléascach agus a chumhdaítear le Treoir 2014/34/AE.’
- (2) Scriostar Airteagal 6.
- (3) In Airteagal 9, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír:
‘trealamh eile chun fuaim nó íomhánna a thaifeadadh nó a atáirgeadh, lena n-áirítear comharthaí nó teicneolaíochtaí eile chun fuaim agus íomhá a dháileadh seachas trí theileachumarsáid, ach cé is moite de thaispeántais leictreonacha a chumhdaítear le **Rialachán (AE) 2023/1670**, agus teilgeoirí a bhfuil sásraí acu chun na lionsaí a mhalartú le lionsaí eile a bhfuil fad fócasach éagsúil acu.’

Airteagal 2

Ceartaítear Iarscríbhinn II agus IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1670 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 20 Meitheamh 2025.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN